
Branar

Téatar do Pháistí



# Sruth na Teanga

## education pack

## pacáiste foghlama


# Faoin Seó

**Cuireann Branar Téatar do Pháistí**
**Sruth na Teanga**
**i láthair**

Is píosa tumthach amharclannaíochta é Sruth na Teanga a chuireann scéal agus teacht chun cinn na Gaeilge i láthair ar shlí lán samhlaíochta. Tá eispéireas ar leith cruthaithe ag Branar a thugann an lucht féachana linn ar thuras eipiciúil ár dteanga dúchais.

Grúpa ar ghrúpa, téann 30 dalta ar aistear trí 5 dhomhan éagsúla, spreagúla agus léireofar scéal spleodrach na teanga. Tugann sainstíl scéalaíochta Branar an phuipéadóireacht, an ceol, an mhapáil físe agus an léiriú beo le chéile – ná caill amach air.

Aoisghrúpa: 8 mbliana +



## Nascanna Curaclaim

**Mínealaíona**

Drámaíocht, Puipéadóireacht, Téatar Fisiciúil, Amharc-Ealaíona, Dearadh & Teicneolaíocht

**Teanga**

Litearthacht, Léitheoireacht, Machnamh Criticiúil

**Stair**

Scéalta, Stairsheanchas, An Gorta Mór

Bailiúcháin, Finscéalta, Péindlíthe, Lonnaíochtaí na Manach

**Ceol**

Léirthuiscint

**Tíreolaíocht**

Léarscáileanna, Tírdhreacha, Logainmneacha

**Forbairt Mhothúchánach agus Shóisialta**

# Cé muid féin?

## *AG CRUTHÚ SCÉALTA MÓRA DO SHAORÁNAIGH BHEAGA*

Tá Branar Téatar do Pháistí ar cheann de na príomhchompántais téatair atá ag cruthú saothair do pháistí in Éirinn. Cruthaímid léirithe áille, nuálacha d'ardchaighdeán a spreagann páistí agus a muintir araon. Tugaimid ár saothar ar camchuairt go hionaid agus go féilte áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tacaímid le healaíontóirí atá ag cruthú saothair do lucht féachana óg trínár sainchláir roinnte acmhainní agus leis an gcoincheap "Seónna Bídeacha". Cruthaímid deiseanna chomh maith do pháistí le go mbeidh siad in ann breathnú ar a gcleachtas éalaíne féin sa láthair scoile.

Téann an compántas ar camchuairt ó cheann ceann na tíre agus ar fud na cruinne chuile bhliain. Go dtí seo,



# Ag ullmhú don seó

## Cad a fheicfidh sibh

Tabharfaidh sibh cuairt ar Aerfort na Gaillimhe le freastal ar léiriúchán Branar de Shruth na Teanga.

Ní gnáth-thaispeántas amharclannaíochta é seo. Tugtar taispeántas tumthach air toisc go dtumfar isteach sa scéal sibh.

De rogha ar a bheith in bhur suí ag breathnú ar an stáitse, siúlfaidh sibh in éineacht leis na haisteoirí trí stáitsí an tseó.

Tabharfaidh sibh cuairt ar 5 sheomra mhóra. San áireamh tá Coillearnach, seomra teilge, pluais le hoileáin bhídeacha agus seomra iarsmalanna. Feicfidh sibh seisear aisteoirí agus bainfidh siad úsáid as go leor modhanna téatair éagsúla chun beocht a chur sa scéal



## Scéalta a bhuailfidh sibh leo

Sa chéad sheomra tabharfar na páistí ar aistear trí fhinscéalta na Fiannaíochta agus na Rúraíochta.

Cabhróidh sé leo má chuirtear na scéalta éagsúla seo i gcuimhne dóibh:

**Tuatha Dé Danann**

**Deirdre agus Naois / Longes mac n-Uisleann**

**An Bradán Feasa**

**Tír na nÓg**

**Setanta agus an Cú:** Conas a fuair Cú Chulainn a ainm

Táin Bó Cuailnge

**Balor**

**Conas a fuair Oisín a ainm**

# Ag tabhairt cuairte ar an Amharclann/Aerfort

Do dhaltaí áirithe b'fhéidir gurb é seo an chéad uair dóibh cuairt a thabhairt ar amharclann agus is cinnte nach raibh siad ag amharclann in aerfort roimhe seo.

### AGUS MUID AG FANACHT

1. Fan san fhorhalla go dtí go ligeann an fhoireann isteach sibh.
2. Labhair go ciúin agus seas mar ghrúpa.
3. Beidh gníomhaíocht le déanamh ag bhur rang agus sibh ag fanacht.
4. Bain dínn bhur gcótaí agus cuir in bhur málaí iad*

### NUAIR A THÉIMID ISTEACH

1. Lean treoracha fhoireann na hamharclainne.
2. Lean an múinteoir.
3. Ná leag lámh ar phrapaí an tseó mura n-iarrann na haisteoirí oraibh é a dhéanamh. Tá siad fíneálta.
4. Níl aon suíocháin mar is taispeántas siúil é.

### NUAIR ATÁ AN SEÓ THART

1. Tabharfaidh an múinteoir/an fhoireann chuig an bhforhalla sibh.
2. Beidh bhur gcótaí agus bhur málaí anseo.
3. Má tá sibh ag fanacht ar ghrúpa eile ó do rang beidh siad díreach in bhur ndiaidh.



*Meabhrúchán: b'fhéidir go mbeidh sé cineál dorcha agus muid ag dul isteach, cosúil leis an bpictiúrlann, ach tabharfaidh an fhoireann treoracha dúinn.

**Táimid ag súil le fáilte a chur romhaibh chuig Sruth na Teanga. Má tá ceist ar bith agat faoi bhur gcuairt, bí i dteagmháil linn ag Branar.**

### Do mhúinteoirí:

**Iarrann muid ar mhúinteoirí idirghabháil a dhéanamh má tá a ndaltaí ag labhairt go han-ard ar bhonn rialta nó mura mbaineann an t-ábhar a bhfuil siad ag labhairt faoi leis an seó, toisc go gcuirfeadh an t-iomar seo as do dhaoine eile.**

**Iarrann muid ar an múinteoir a bheith ag ceann an ghrúpa. Tá na haisteoirí ag brath ort chun an grúpa a threorú agus le cuidiú leo smacht a choinneáil ar ghluaiseacht an ghrúpa. Beidh duine d'fhoireann Branar ar chúl an ghrúpa chun cabhrú leis na haisteoirí.**

# PLÉ

Chun plé a spreagadh faoi bhur gcuairt ar Shruth na Teanga, faigh amach cad atá ar eolas ag do dhaltaí cheana féin faoi scéal na Gaeilge agus faoin amharclannaíocht trí chéile.

Tá cáipéis curtha le chéile againn chun na páistí a chur ag machnamh faoi cheisteanna teanga agus oidhreachta..

- Céard a cheapann tú faoi Gaeilge?
- An bhfuil an Ghaeilge chomh tábhachtach leis an GAA in Éirinn?
- An bhfuil an Sí an Bhrú (New Grange) nó Caisleán chomh tábhachtach céanna leis an Ghaeilge?
- An bhfuil an Ghaeilge tábhachtach duitse?
- An mbeadh cultúr na hÉireann mar an gcéanna gan an teanga?

**An raibh a fhios agat go bhfuil an Ghaeilge ar cheann de na 10 dteanga is sine ar domhan a labhraítear sa lá atá inniu ann*



## An Choill



## An Ré Órga



## Faoin Talamh



## An Iarsmalann

# Seomra a h-Aon – Coill na scéalta

## Seomra a hAon – Coill na Scéalta

Sa seomra seo, téimid ag taiscéalaíocht trí fhréamhacha na teanga. Tá coillearnach dhraíochtúil cruthaithe againn ina léireofar na scéalta.

Bainimid úsáid as roinnt Sean-Ghaeilge anseo chun fuaimeanna na teanga mar a bhí a léiriú.

Ná bí buartha, beidh an méid atá ag tarlú an-soiléir.

Seo hiad na scéalta a chabhróidh leis na páistí taitneamh agus tairbhe a bhaint as an seomra:

1. Tuatha Dé Danann
2. Deirdre an Bhróin
3. Balor
4. An Bradán Feasa
5. Diarmuid agus Gráinne
6. Tír na nÓg
7. Setanta



## Foclóir sean Ghaeilge

**Éiriú**

**Banba**

**Fodhla**

**Gilla – giolla - servant**

**Éad – jealousy**

**Bradán – Salmon**

**Fios – Knowledge**

**Geasa – A spell**

**Cú – hound**

**Táin –**

**Aillil**


**Meadbh**

**Tarbh - bull**

## Ogham

Ba é Ogham an fhoirm ba luaithe scríbhneoireachta in Éirinn. Tá ról lárnach ag na comharthaí Ogham sa taispeántas seo.

1. Labhair le do rang faoi conas a scríobhadh Ogham.
2. Baineadh úsáid as ainmneacha na gcrann do na comharthaí Ogham. Aimsigh na hainmneacha sin anseo: http://blogs.bodleian.ox.ac.uk/taylorian/2018/02/19/ancient-scripts-ogham-old-irish-inscriptions/



| Letter | Name | Tree | Letter | Name | Tree |
|---|---|---|---|---|---|
| B | Beith | Birch | M | Muin | Vine |
| L | Luis | Rowan | G | Gort | Ivy |
| F | Fearn | Alder | NG | nGéatal | Reed |
| S | Sail | Willow | Z (st) | Straif | Blackthorn |
| N | Nion | Ash | R | Ruis | Elder |
| H | hÚath | Hawthorn | A | Ailm | Silver Fir |
| D | Dair | Oak | O | Onn | Gorse |
| T | Tinne | Holly | U | Úr | Heather |
| C | Coll | Hazel | E | Eadha | Poplar |
| Q | Quert | Apple | I | Iodhadh | Yew |

# Seomra a dó – An Ré órga

## Ón 4ú haois go dtí an 17ú haois

Sa seomra seo leanfaidh na páistí Ré Órga na Gaeilge.

Breathnóimid ar scéal na teanga ón uair a thosaigh ná manaigh á scríobh san aibítir Rómhánach.

Ní bhreathnaímid ar an stair féin ach ar an gcaoi ar imir eachtaí stairiúla tionchar ar an teanga. Den chuid is mó chuir na hionróirí leis an teanga agus chuir siad foclóir nua ar fáil do na Gaeil le cur síos a dhéanamh ar an domhan a bhí ag athrú thart timpeall orthu.

**Tréimhsí stairiúla a bheas san áireamh:**

Teacht na Críostaíochta

Misean na manach go dtí an Eoraip

Na Lochlannaigh

Na hAngla-Normannaigh

Na teaghlaigh liteartha agus na lámhscríbhinní tábhachtacha

Na Sasanaigh in Éirinn

Bainríon Eilís I agus an chéad leabhar clóbhuailte i nGaeilge

An teanga mar chuspóir polaitiúil

Imeacht na nIarlaí

**Meafar na hAbhann**

Mínigh gurb é seo a rinne Branar nuair a chuireamar *How to Catch a Star* ar stáitse. Uaireanta ní oibríonn gnéithe a d'oibrigh sa leabhar ar stáitse, agus a mhalairt. D'oibrigh foireann chruthaitheach Branar i gcomhpháirt lena chéile chun athruithe stíle agus scéalaíochta a chur i bhfeidhm le cinntiú go mbainfeadh an lucht féachana an taitneamh céanna as an leagan stáitse. Is féidir ceol agus soilsiú a tharraingt isteach sa léiriú stáitse, mar shampla, rud nach féidir a dhéanamh sa leabhar!

Meas tú an ndéanfaidh Branar aon athruithe a rinne do rang?

# Focail iasachta ó theangacha eile

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **The influence of the Christians was Latin** | | | | |
| Latin | | Old Irish | | Modern Irish |
| Liber | | Lebor | | Leabhar |
| Penn | | Penn | | Peann |
| Litir | | | | litir |
| Abbas | | | | Ab |
| Offerendo | | | | Aifreann |
| asellus | | | | Asal |
| quaestiō. | | | | ceist |
| Opera | | | | Obair |
| matin | | | | maidin |
| scríbó | | | | Scríobh |
| | | | | |
| **The influence of the Vikings was Norse** | | | | |
| | | | | |
| Norse | | Old Irish | | Modern Irish |
| Brók | | | | Bróg |
| Bjórr | | | | Beoir |
| Markaor | | | | Margadh |
| Gagarr | | | | Gadhar |
| Sráit | | | | sráid |
| Penninger | | | | Pignin |
| Knappu | | | | Cnaipe |
| Ankkeri | | | | Ancaire |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| **The influence of the Normas was Anglo Norman** | | | | |
| | | | | |
| Anglo Norman | | | | Modern Irish |
| castél | | | | Casileán |
| tor | | | | túr |
| coigne | | | | Cúinne |
| Maire | | | | Méara |
| | | | | Baránta |
| Iustais | | | | Giústis |
| Garcon | | | | garsún |
| Oeuf | | | | ubh |
| Argent | | | | Airgead |
| Chambre | | | | Seomra |
| Page | | | | Páiste |
| joignour | | | | Siúnéir |
| chance | | | | seans |

# Seomra a trí – Uisce faoi thalamh

Fágaimid Seomra a Dó le hImeacht na nIarlaí. Is mórphointe é seo i scéal na teanga. Ba iad na Taoisigh Ghaelacha dheireanacha agus nuair a d'imigh siad theip ar an tsochaí Ghaelach a bhí i réim leis na céadta bliain. D'iompaigh an Ghaeilge ó theanga na cumhachta go teanga na mbocht. Ní raibh an struchtúr ná an fhoirmeáltacht chéanna ag baint leis an teanga scríofa agus cumadh na dánta agus na scéalta anois i ngnáth-theanga na ndaoine murab ionann agus an fhilíocht a cumadh do na pátrúin go dtí sin.

Sa seomra seo inseoimid scéal na teanga amhail is go raibh sí faoi thalamh. Tá sé oileán a léiríonn an baile Gaeilge céanna. Taispeánfar forbairt an bhaile ó 1607-1911. Feicfimid tionchar na n-eachtraí stairiúla ar an mbaile agus baintear úsáid as an mbaile mar mheafar don tír iomlán.

Ar gach bord léirítear líon na ndaoine a raibh Gaeilge acu le cloch. Tá cloch chomparáideach freisin a léiríonn líon na ndaoine a labhair Béarla.

**Borda hAon**

**1607**

Tá an teanga fós láidir agus labhraítear go forleathan í.

Labhraítear níos mó Béarla, áfach, i measc na ndaoine in áiteanna áirithe san oirthear.

Le hImeacht na nIarlaí tagann deireadh le domhan na bhFilí. Is téama lárnach anois é an sean-am agus iad ag iarraidh go bhfillfeadh na hIarlaí agus an tsochaí Ghaelach.

Bhí rúinín beag níos mó saoirse ag an gcosmhuintir anois a dteach féin a bheith acu agus a n-airgead féin a thuilleamh.

Cuirtear tús le plandáil na gcóilíneach Sasanach agus Albanach.



**Board  a Dó**

**1667**

Ar an mbord seo cloisimid faoi na Péindlíthe agus an chaoi ar baineadh úsáid astu chun smacht a choinneáil ar na Gaeil.

Cuireadh cosc ar na cluichí dúchais, ar nós na hiománaíochta

- Ach imríodh na cluichí i ngan fhios

Cuireadh cosc ar an aifreann Caitliceach

- Ach dhéantaí ceiliúradh ar an Aifreann faoi rún ag na carraigeaca Aifrinn i lár gort.

Ní raibh cead ag páistí Caitliceacha dul ar scoil

- Ach cuireadh tús leis na scoileanna scairte agus múineadh scéalta is dánta Gaeilge do na páistí.

Bhí go leor Péindlíthe eile ach ní phléimid ach cinn áirithe.

Is féidir é seo a cheangal le ceacht staire.

**Seomra a trí**

**1806**

**Learscáil**

Ar an mbord seo breathnaímid ar choimisiún léarscáilithe na 1800idí agus ar an gcaoi a rinne airm na Breataine mapáil ar an tír ar fad. Rinneadh logainmneacha na Gaeilge a ghalldú – is é sin le rá go ndearnadh aistriúcháin Bhéarla ar na logainmneacha nó tugadh ainmneacha Béarla leis na fuaimeanna céanna dóibh.

Samplaí: Cnoc – Knock (Cnoc an Mhaigh – Knocma)

Déan comparáid idir na logainmneacha in bhur gceantar féin leis an leagan Gaeilge chun na hathruithe seo a fheiceáil.

Is acmhainn iontach é www.logainm.ie agus tá leathanach do bhunscoileanna le gníomhaíochtaí.



**Bord a Ceathar**

**An Gorta MóR  1847**

Ag an mbord seo tabharfaimid aghaidh ar thionchar an Ghorta ar an mbaile le cailliúint na ndaoine agus a dtithe.

Bhí tionchar tubaisteach aige seo ar líon na gcainteoirí Gaeilge.

Fuair go leor acu bás nó, mar a fheicfimid ar an gcéad bhord eile, d'imigh siad ar imirce.

**Board a Cúig**

**Imirce  1849**

Tá cé le feiceáil ar an mbord seo.

Tá na daoine réidh le himeacht ar bord loinge. Fágann siad clocha le 'teanga' scríofa orthu ina ndiaidh.

Léiríonn sé seo líon na gcainteoirí dúchais a chuaigh ar imirce agus nár fhill ar an tír seo go deo.

Ba bhuille marfach é seo don teanga.

**Bord a sé**

**1911**

Thosaigh Athbheochan na Gaeilge sna 1870idí agus tháinig borradh faoin spéis a bhí ag daoine sa teanga agus sa chultúr Gaelach.

Bunaíodh an CLG chun na cluichí Gaelacha a chur chun cinn.

Bunaíodh Conradh na Gaeilge agus gluaiseachtaí teanga eile.

Bunaíodh Cumann na Scríbheann nGaedhilge agus rinne siad staidéar ar lámhscríbhinní agus seanscéalta.

Cuireadh spéis i mbailiú scéalta, amhrán agus ceoil ó chainteoirí dúchais.

Ar an mbord seo feicimid scéal á bhailiú ó sheanbhean ina teach sa mbaile céanna.



# Seomra 4 - An Taiscumar

Sa seomra seo déanaimid ceiliúradh ar na bailitheoirí agus ar na bailiúcháin.

Déanaimid iarracht na chartlanna ar fad a chur i láthair ar bhealaí éagsúla.

1. Léarscáil d'Éirinn a léiríonn na logainmneacha – www.logainm.ie
2. Léiríonn fidil ar phlionta an ceol a bailíodh.
3. Léiríonn lámhscríbhinn na míle lámhscríbhinn atá againn go fóill.
4. Léiríonn bord oidheachta le preableabhair na gnéithe éagsúla dár n-oidhreacht – spórt, damhsa, oidhreacht timpeallachta agus ceirdeanna.
5. Cuireann eas leabhar go bhfuil an taiscumar oidhreachta á líonadh gach lá.
6. Léiríonn sean-teilifís na cartlanna teilifíse agus raidió.
7. Is féidir leat féin scéal a insint ag an spota scéalaíochta.
8. Léiríonn cófra le radhairc éagsúla an bailiúchán ollmhór Béaloidis atá againn.
9. Léiríonn cófra lán le seinnteoirí ceirníní na hamhráin ar fad a bailíodh.
10. Taispeánann cófra le clocha Ogham na céad cartlannaithe.



# Seomra 5 - Anois

Seo an spás le freagra a thabhairt ar an taispeántas.

Is féidir leis an lucht féachana dul i mbun oibre ag stáisiúin éagsúla

1. Brí a bhaint as an méid atá scríofa ar an gcloch Ogham.
2. Freagra a thabhairt ar fhíseán.
3. Do fhreagra a thaifead.
4. Taighde a dhéanamh ar logainm do cheantair dúchais.
5. Freagra a scríobh



# Tar éis an taispeántais

## Machnamh criticiúil

Bíodh comhrá agat le do dhaltaí maidir leis na tuairimí agus na mothúcháin a spreag an seó. Is féidir na ceisteanna seo a leanas a úsáid chun machnamh criticiúil cuimsitheach a spreagadh

### Príomhcheisteanna

Cad a chonaic tú?

Cad a chuala tú?

Cad a mhothaigh tú nuair….?

**Moltaí do mhúinteoirí:**

a) Dá oscailte iad na ceisteanna, is é is mó roghanna a bheas acu chun freagraí a thabhairt.

b) Abair an freagra amach arís le go mbeidh an rang iomlán in ann é a chloisteáil.

c) Tá sé tábhachtach gan ceiliúradh a dhéanamh ar fhreagraí mar ceapfaidh na daltaí gurb in iad na freagraí a theastaigh uait. Abair an freagra amach arís, gabh buíochas leo as a dtuairim a roinnt agus lean ar aghaidh.



## Machnamh Criticiúil

Bain úsáid as an mbosca thíos chun an píosa ab fhearr leat faoi Shruth na Teanga a tharraingt. Smaoinigh faoi na rudaí a chonaic agus a chuala tú.

# Nascanna tras-churaclaim

## Samhlaíocht

Cruthaigh do chloch Ogham féin

- Cruthaigh cloch réidh le cré potaireachta
- Tarraing na línte a sheasann do litreacha an fhocail ar leat é le peann luaidhe
- Aimsigh na litreacha anseo: www.ogham.ie

**Stair**

- Tá an t-uafás nascanna leis an gcuraclam Staire
- Scéalta Sheomra 1
- Na manaigh agus teacht na Críostaíochta
- Na Lochlannaigh
- Imeacht na nIarlaí
- An Gorta Mór
- Imirce
- Na Péindlíthe
- An Athbheochan
- Bailiúcháin agus Bailitheoirí
- Na cartlanna a fhiosrú

**Tíreolaíocht**

- Léarscáileanna: cén uair a rinneadh léarcáileanna d'Éirinn
- Conas léarscáil a dhéanamh
- Logainmneacha
- Timthriall na habhann

**Leabhrán na ndaltaí**

Tá cáipéis curtha le chéile againn le cabhrú leis an lucht féachana an taitneamh agus an tairbhe is mó a bhaint as Sruth na Teanga.


Ba mhaith linn dá mbreathnódh gach páiste ar an gcáipéis agus go mbeadh deis acu machnamh a dhéanamh faoi. Níl freagraí cearta ná míchearta ann, ach freagraí pearsanta. Ba cheart am a thabhairt dóibh dul i ngleic leis an gcáipéis agus plé ranga a dhéanamh ansin faoi na tuairimí a tháinig chun cinn.

## FILL AR AN GCOMHRÁ

Fill ar an gcomhrá faoi bhur gcuairt ar Shruth na Teanga. Faigh amach cad atá ar eolas ag do dhaltaí faoi scéal na Gaeilge agus faoin amharclannaíocht trí chéile anois.

Tá cáipéis cruthaithe againn a chabhróidh leis na páistí machnamh a dhéanamh faoi cheisteanna teanga agus oidhreachta.What do you think of the Irish ?

- Céard a cheapann tú faoi Gaeilge?
- An bhfuil an Ghaeilge chomh tábhachtach leis an GAA in Éirinn?
- An bhfuil an Sí an Bhrú (New Grange) nó Caisleán chomh tábhachtach céanna leis an Ghaeilge?
- An bhfuil an Ghaeilge tábhachtach duitse?
- An mbeadh cultúr na hÉireann mar an gcéanna gan an teanga?



## Acmhainní agus nascanna

http://bealbeo.ie

https://www.duchas.ie/en

https://www.logainm.ie/en/

https://celt.ucc.ie

https://www.doegen.ie

https://www.itma.ie

https://www.ainm.ie

https://ogham.co

https://www.rte.ie/archives/

http://seannos.tg4.ie

https://www.cic.ie

https://www.charliebyrne.ie

https://www.osi.ie/education/

https://www.celticsteps.ie/our-story/the-history-of-irish-song-music-dance/

https://crokepark.ie/library

https://www.libraryireland.com/Pedigrees1/preface1.php

http://www.bealoideasbeo.ie

https://comhaltas.ie/music/treoir/detail/irelands_music_collectors/

https://en.wikipedia.org/wiki/List_of_Irish_music_collectors

https://sketchfab.com/discoveryprogramme

http://www.discoveryprogramme.ie/resources/digital-resources

https://folkways.si.edu/search?query=ireland

https://mirc.sc.edu/islandora/object/usc:31559

# EOLAS EILE

## Abair linn cad a cheap sibh

**Is aoibhinn linn aiseolas agus tuairimí a fháil ónár lucht féachana timpeall na cruinne. Ná bíodh aon drogall ort léaráidí, litreacha, cártaí poist nó scéalta ó do rang a chur chugainn.**

**Seol ríomhphost chugainn:**

**info@branar.ie**

## Sonraí Poist

**Branar Téatar do Pháistí**

**15 Páirc Ghnó Ghleann na Carraige**

**Bóthar na Mine**

**Gaillimh**

**ÉIRE**

**H91 PW52**

**Do mhúinteoirí:**
**Labhair linn ar na meáin shóisialta:**
**Facebook/Instagram/Twitter: @BranarTeatar**

Go raibh maith agat agus tá súil againn gur bhain tú taitneamh as an seó!

